# Léargas ar an mbliain 2024

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Éireann

## 20,421 GRÚPA COMHALTAIS

**16,383** Grúpa Pobail agus Deonach
**3,217** Grúpa Cuimsithe Shóisialta
**817** Grúpa Comhshaoil

á gceiliúradh 10 mbliana
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Éireann

Bliain thábhachtach a bhí in 2024 do na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna) toisc go rabhthas ag comóradh

**10 mbliana i mbun oibre**

Bliain den athrú agus den athnuachan a bhí in 2024 freisin do thírdhreach polaitíochta na hÉireann agus **reáchtáladh toghcháin áitiúla, Eorpacha agus náisiúnta.**

Bhí

## 834 IONADAÍ LRP

ina suí ar **341** bord agus coiste ag tabhairt guth an phobail chuig an mbord cinnteoireachta.

## Lean imeachtaí domhanda

de thionchar a imirt go háitiúil in 2024 agus bhí teaghlaigh fós ag dul i ngleic le costais a bhí ag dul i méid, agus ba iad na teaghlaigh ar an ioncam is ísle ba mhó a bhí thíos leis. Le leibhéil níos airde den choimhlint agus anord aeráide ar fud an domhain, tá níos mó daoine ag bogadh, lena n-áirítear níos mó daoine ag bogadh go hÉirinn. Mar thoradh air sin go léir, tá méadú tagtha ar an teannas agus tá tionchar aige ar an gcomhtháthú sóisialta inár bpobail.

Mar is gnách, bhí an earnáil Pobail agus Dheonach ina cuid ríthábhachtach den fhreagra náisiúnta a tugadh ar na saincheisteanna sin ag leibhéal áitiúil lenar leagadh béim arís agus arís eile ar chomh riachtanach agus ríthábhachtach is atá an earnáil Pobail agus Dheonach.

**Bhí eolas áitiúil ríthábhachtach.**

**Bhí na toghcháin áitiúla ar siúl i mBealtaine 2024, rud a d’fhág gur ghá Coistí um Beartais Straitéiseacha a sheasamh a scor agus a athbhunú ina dhiaidh sin.**

**Bhí teagmháil leanúnach ann le grúpaí comhaltais, ag cinntiú gur scaipeadh faisnéis ríthábhachtach go forleathan.**

### D’óstáil LRP Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an 6ú Comhdháil Náisiúnta de chuid an Líonra Rannpháirtíochta Pobail i mí Dheireadh Fómhair.



B’ionann imeacht na bliana seo agus comóradh 10 mbliana ar bhunú na LRPanna ar fud na hÉireann.  Cuireadh fáilte le linn na comhdhála roimh 160 toscaire a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí pobail agus deonacha, eagraíochtaí cuimsithe shóisialta agus comhshaoil ó gach cearn den tír, in éineacht le hoifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa, agus daoine eile a thacaíonn le hobair LRPanna. Rinne téama chomhdháil na bliana seo, ‘Comhoibriú le haghaidh Pobail Athléimneacha,’ ceiliúradh ar na comhpháirtíochtaí riachtanacha is gá chun cláir rialtais a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon.  Tá ‘ról ríthábhachtach ag na LRPanna maidir leis an gcomhar sin a éascú trí ionadaithe a sholáthar ar choistí agus ar ghrúpaí stiúrtha, trí eolas a roinnt, trí chur le hacmhainneach, agus trí thacaíocht a thairiscint’.[1]

Foilsíodh Treochlár Forfheidhmiúcháin LRP i mí Iúil 2024.  Is í Meitheal an Treochláir, a bhí comhdhéanta de pháirtithe leasmhara LRP, lena n-áirítear oibrithe deonacha agus baill foirne PPN, grúpaí na sochaí sibhialta, CCMA agus ranna rialtais ábhartha, a dhréachtaigh é. Leagtar amach sa Treochlár gníomhaíochtaí inbhraite chun LRPanna a neartú agus chun cur ar a gcumas na cuspóirí foriomlána a leagtar amach dóibh sa *Tuarascáil ón nGrúpa Oibre 2014 maidir le Rannpháirtíocht na Saoránach leis an Rialtas Áitiúil* a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Lean na LRPanna orthu á gcur féin in oiriúint mar fhreagra ar na hathruithe a tháinig ar a bpobail agus ag forbairt réitigh nuálacha ag baint úsáid as cur chuige ón mbun aníos i ndáil le réiteach fadhbanna.

Tá comhairliúcháin fós ina gcuid ríthábhachtach d’obair an LRP agus bhí siad ar siúl thar réimse leathan ábhar.



## Tá na LRPanna fós ag déanamh
## fíordhifríocht do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad.

1 https://www.limerickppn.ie/national-ppn-conference-2024/